Office of the Director of Corporate Enforcement
Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach

Fógra Eolais OSFC I/2009/3

Acht na gCuideachtaí (Leasú) 2009

Réamhrá
De bhun a sainchúraim chun comhlíonadh dlí na gcuideachtaí a spreagadh, d'ullmhaigh Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach an achoimre seo faoi raon Acht na gCuideachtaí (Leasú) 2009 (Acht 2009). San Acht 2009 díríodh ar roinnt easnamh iarbhír nó féideartha a tháinig ar aire le déanaí in Achtanna na gCuideachtaí atá ann cheana féin.

Alt 1
Is foráil mhínithe chaighdeánaigh é Alt 1.

Alt 2
Le hAlt 2 leasaítear Alt 194 d'Acht na gCuideachtaí [1] ("Acht 1963") lena leagtar dualgas ar stiúrthóirí cuideachta a leas i gconradh ar bith nó i gconarthaí atá beartaithe leis an gcuideachta a dhearbhú.

Le hAlt 194 a athbhreithníodh, tugtar ceart don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach ("an Stiúrthóir") an leabhar a bhfuil dearbhaithe ann de na stiúrthóirí faoina leas i gconarthaí an chuideachta a iniúchadh agus cóip a dhéanamh dóibh, agus cruthófar cion má dhiúltaítear don Stiúrthóir teacht ar an leabhar.

Ailt 3 agus 4
Le hAilt 3 agus 4 leasaítear Alt 371A den Acht 1963[2] agus Alt 19 d'Acht na gCuideachtaí 1990[3] ("Acht 1990") faoi seach.

Le hAlt 19 ceadaítear don Stiúrthóir oibleagáid a chur ar chuideachtaí, ar stiúrthóirí agus ar dhaoine eile leabhair agus cáipéisí sonraithe a thabhairt ar aird i gcomhair iniúchta i gcúinsí lena n-áirítear calaois, neamhdhleathacht nó dochar amhrasta. Léirítear níos soiléire le hAilt 19(3) agus (3A) a athbhreithníodh, cuimsiú chumhacht an Stiúrthóra ionas go dtabharfaidh tríú páirtithe na taifid ábhartha ar aird. Ach, baineann an t-athrú níos mó le foclaíocht ná tathag, áfach. Tuigeadh go ginearálta gur tugadh na cumhachtaí céanna don Stiúrthóir le hAlt 19(3) a bhí ann roimhe sin, ach i dteanga nach raibh chomh aonchiallach. Freisin, soiléirítear le hAlt 4(2) den Acht 2009 nach gciallaíonn na leasuithe seo go raibh aon

---

[1] Arna leasú le (i) Alt 47(3) d'Acht na gCuideachtaí 1990; (ii) Alt 104(c) d'Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001; agus (iii) Alt 57 d'Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht) 2003 agus Mír Uimh. 1 i Sceideal 2 den Acht sin.
[2] Arna gcur isteach le hAlt 97d'Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001.
[3] Arna gcur ina ionad le hAlt 29 97d'Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001 agus arna leasú ina dhiaidh sin le hAlt 67 d'Acht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2005.

neamhéifeachtúlacht ann maidir le hAlt 19(3)[4], a bhí ann roimhe sin.

Le hAlt 371A den Acht 1963[5] cumasaítear don Stiúrthóir iallach a chur ar dhuine chun go gcomhlíonfar Alt 19(3) trí Ordú um an gCúirt Uachtarach a fháil más gá. Is é an t-aon athchóiriú ar Alt 3171A(1) arna déanamh ag an Acht 2009 ná go nuashonraítear tagairt reachtúil chun na hathruithe thuasluaite a rinneadh in Alt 19 a chur i gcuntas. Arís, is athrú teicniúil é seo, seachas athrú a mbeadh aon duine faoi réir ualaí nó dualgais nua dá bharr.

Alt 5

Le hAlt 5 leasaítear Alt 20 den Acht 1990[6] lena dtugtar de chumhacht d'oifigeach údaraithe den Stiúrthóir, ar éirigh leis barántas cuardaigh a fháil ó Bhreitheamh den Chúirt Dúiche, dul isteach in áitreabh sonraithe agus é a chuardach agus faisnéis a bhfuil ina sárú féideartha d'Achtanna na gCuideachtaí ("faisnéis ábharach") a urghabháil agus gníomhaithe ábhartha eile a fhoghabhann leis an gcuardach a thógáil.

Foráiltear le hAlt 20 a athbhreithníodh gur féidir an Chúirt Dúiche ábhartha an tréimhse bhailíochta de bharántas cuardaigh ar feadh míosa atá ann cheana a shíneadh, ar iarratas ón oifigeach údaraithe. (Ach, caomhnaítear cumhacht na Cúirte chun barántas úr don áitreabh céanna a eisiúint, áfach.) Freisin, tugtar leis cumhacht leathnaithe i gcomhair rud a urghabháil chun iniúchadh a dhéanamh air in áit eile, rud:

- a cheaptar go réasúnach gur fhaisnéis ábharach í nó go bhfuil faisnéis ábharach ann, nuair nach bhfuil sé praiticiúil go réasúnach an cinneadh sin a dhéanamh ar an áitreabh,
- lena gcuimsítear faisnéis gur féidir agus nach féidir í a urghabháil, nuair nach bhfuil sé praiticiúil go réasúnach an fhaisnéis gur féidir í a urghabháil a scaradh ón rud ina bhfuil sé.

Tá critéir shonrach trína gcaithfidh an t-oifigeach údaraithe measúnú a dhéanamh ar cad atá "praiticiúil go réasúnach" mar choinníoll sa reachtaíocht. Freisin, tá ar an oifigeach údaraithe aghaidh a thabhairt ar nithe sonracha sula gcinneann sé nó sí leas a bhaint as an gcumhacht urghabhálacha leathnaithe seo. Mura raibh an t-oifigeach den tuairim go d'fhéadadh ionracas na faisnéise ábharaí a bheith lagaithe, caithfidh sé nó sí stóráil, rochtain agus socraithe slándála réasúnacha a chur isteach ar dtús i gcomhairle le, agus más féidir le comhaontú an úinéara, airígh dhleathaigh nó sealbhóra de na hábhair atá le hurghabháil sula bhfeidhmíonn sé nó sí an chumhacht urghabhálacha leathnaithe seo. I gcúinsí áirithe, féadfaidh an t-oifigeach na socruithe seo a dhéanamh nó a athrú i ndóigh a mheastar í a bheith cuí.

Chomh luath is atá praiticiúil agus laistigh de trí mhí d'fheidhmiú an chumhacht urghabhálacha leathnaithe, beidh dualgas ar an oifigeach iad seo a leanas a chur i gcrích:

- an cinneadh maidir le céard é faisnéis ábharach, agus/ nó

[4] A bhí i bhfeidhm idir 28 Samhain 2001 agus 11 Iúil 2009.
[5] Arna gcur isteach le hAlt 97 d'Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001
[6] Arna gcur ina ionad le hAlt 30 d'Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001agus arna leasú ina dhiaidh sin le hAlt 68 d'Acht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2005.

- scaradh na faisnéise gur féidir é a urghabháil ón bhfaisnéis eile lena bhfuil sé comhdhéanta de.

Chomh luath is atá praiticiúil agus laistigh de seacht lá ón gcinneadh nó ón scaradh, beidh sé mar dhualgas ag an oifigeach an fhaisnéis nach bhfuil mar fhaisnéis ábharach a thabhairt ar ais don úinéir, don airíoch dleathach nó don sealbhóir.

Féadfaidh an Stiúrthóir nó duine a ndearnadh dochar air iarratas a dhéanamh trí rún chuig an Chúirt Uachtarach le haghaidh treoracha chun téarmaí an chumhacht urghabhálacha leathnaithe a athrú (lena n-áirítear teorannacha ama reachtúla), agus féadtar éisteach leis an iarratas go príobháideach má ordaíonn an Chúirt é.

Féadfaidh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta rialúcháin a dhéanamh lena bhforáiltear do nithe forlíontacha, iarmhartacha nó teagmhasacha a bhaineann leis an gcumhacht urghabhálacha leathnaithe.

Alt 6
Le hAlt 6 leasaítear Alt23(1) den Acht 1990 lena dtoirmisctear iallach a chur ar dhuine ábhair faoi phribhléid dlí a nochtadh nó a thógáil mar chuid d'fhiosrúchán na cuideachta.

Leis an bprionsabal sin a choimeád, modhnaítear raon Alt 23(1) le hAlt 6, lena gcuirtear an t-iallach anois ar fhaisnéis amhrasach faoi phribhléid dlí a thabhairt ar aird, nó lena gceadaítear í a thógáil, ar bhun séalaithe ar feitheamh cinnidh ón gCúirt Uachtarach faoi cháilíocht na faisnéise mar ábhair faoi phribhléid dlí. Ach, caithfidh an duine a ghabháil seilbh na faisnéise nó lena nochtadh í, áfach iarratas a dhéanamh don Chúirt laistigh de seacht lá. Féadfaidh duine a bhfuil iallach air an fhaisnéis a nochtadh nó an duine óna sheilbh a tugadh í iarratas a dhéanamh don Chúirt. Caithfidh aon iarratas Cúirte a dhéanamh trí rún, agus féadtar éisteach leis go príobháideach má ordaíonn an Chúirt é.

Ag feitheamh cinnidh dheiridh maidir leis an gceist faoi bhfuil an fhaisnéis mar ábhair faoi phribhléid dlí, féadfaidh an Chúirt amhail treoracha mar a mheasann sé cuí, lena n-áirítear i dtaca leis:

- caomhnú na faisnéise in áit shlán;

- ceapadh de dhuine dlíthiúil neamhspleách oiriúnach chun an fhaisnéis a scrúdú agus chun tuairisciú don Chúirt d'fhonn cúnamh le cinneadh a dhéanamh maidir le pribhléid dlí an ábhair.

Alt 7
Baineann Alt 7 le hAilt 31 agus 40 den Acht 1990. Le hAlt 31 toirmisctear go ginearálta úsáid shócmhainní na cuideachta ó stiúrthóirí nó ó dhaoine a bhfuil bainteach leo, agus foráladh le hAlt 40 gur cion é má thug aon duine ar chuideachta nó má thug oifigeach cuideachta údaraithe nó cead don chuideachta idirbheart nó comhshocraíocht a dhéanamh agus a fhios aige go raibh an chuideachta, nó go raibh cúis réasúnach aige lena chreidiúint go

raibh an chuideachta ag sárú alt 31.

Leasaítear Alt 40 le hAlt 7 lena bhforáiltear anois go mbeidh gach oifigeach den chuideachta atá i mainneachtain ciontach i gcion má dhéanann cuideachta idirbheart nó comhshocraíocht i sárú alt 31

Alt 8
Pléitear nochtadh ó chuideachtaí d'iasachtaí agus d' idirbhearta eile a ndearnadh do stiúrthóirí agus do dhaoine a raibh bainteach leo le hAlt 41 go dtí Alt 45 den Acht 1990. Déantar forálacha speisialta le páirteanna d'Ailt 41 agus 43[7] i gcomhair nochtadh na n-idirbheart seo sna nótaí le ráitis airgeadais bhliantúla de bhainc ceadúnaithe agus a gcuideachtaí sealbhaíochta

Leasaítear Alt 41 le hAlt 8, agus faoi réir díolúine d'aon chomhiomlán miondliteanais, anois ceanglaítear le hAlt 41 nochtadh sonraí de na príomhthéarmaí de gach idirbheart do gach stiúrthóir de bhanc ceadúnaithe agus a gcuideachtaí sealbhaíochta, lena n-áirítear:

- méid na príomhshuime agus an úis dlite ag tús agus deireadh na bliana airgeadais;
- uasdliteanas le linn na bliana airgeadais;
- méid d'aon úis, tar éis dó a bheith dlite, nár íocadh, agus
- méid d'aon soláthar a rinneadh le haghaidh locadh nó locadh réamh-mheasta an iasacht iomlán nó cuid di nó úis a aisíoc.

Faoi réir díolúintí d'aon idirbheart a rinneadh i ngnáthchúrsa gnó agus ar ghnáththéarmaí tráchtála agus d'aon mhiondliteanas cáilitheach, le hAlt 43 a athbhreithníodh, ceanglaítear nochtadh den t-sonraíocht chomhiomláin d'idirbhearta a ndearnadh do nó atá dlite ó dhaoine bainteach leis na stiúrthóirí de bhainc cheadúnaithe agus a gcuideachtaí sealbhaíochta mar a leanas:

- an méid chomhiomláin atá dlite ag deireadh na bliana airgeadais;
- líon na dtairbhithe ag deireadh na bliana airgeadais;
- an t-uasmhéid chomhiomláin atá dlite i rith na bliana airgeadais;
- uaslíon na dtairbhithe i rith na bliana airgeadais.

Ní dhéantar dochar don Rialtóir Airgeadais leis na ceanglais nua seo agus a chumhachtaí á bhfeidhmiú aige chun iallach a chur ar bhainc cheadúnaithe agus a gcuideachtaí

[7] Arna leasú i gcás Ailt 41 agus 43 le Rialachán 9 agus Míreanna 2 agus 3 faoi seach de Chuid 4 de Sceideal 1 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais Idirnáisiúnta agus Leasuithe Ilghnéitheacha) 2005.

sealbhaíochta sonraí ábhartha a nochtadh.

Beidh an chuideachta agus gach stiúrthóir atá i mainneachtain ciontach i gcion má dhéanann an chuideachta mainneachtain i gcomhlíonadh Ailt 41 nó 43.

Alt 9
Le hAlt 9 leasaítear Alt 44 den Acht 1990 faoina gcaithfidh bainc cheadúnaithe agus a gcuideachtaí sealbhaíochta clár d'idirbhearta na stiúrthóirí don bhliain airgeadais reatha a choinneáil agus do gach bliain den deich mbliana roimhe sin. Tá sé riachtanach go gcuirfear san áireamh sa chlár seo na hidirbhearta a rinneadh do dhaoine a bhfuil bainteach leis na stiúrthóirí mura ndearnadh iad i ngnáthchúrsa gnó agus ar ghnáththéarmaí tráchtála. Tugtar cead don Stiúrthóir an clár a iniúchadh agus cóip a dhéanamh de, agus is cion é má dhiúltaítear dó teacht air.

Faoi Alt 44, caithfidh bainc cheadúnaithe agus a gcuideachtaí sealbhaíochta ráiteas d'idirbhearta na stiúrthóirí agus na ndaoine bainteacha don bhliain airgeadais roimhe sin a ullmhú, atá gá leis a bheith ar fáil lena iniúchadh ag cruinniú ginearálta bliantúil na cuideachta agus ar feadh ar a laghad 15 lá roimh an gcruinniú. Díolmhaítear ón ráiteas seo na hidirbhearta a rinneadh i ngnáthchúrsa gnó agus ar ghnáththéarmaí tráchtála, agus freisin le hAlt 44 díolmhaítear aon sonraí d'idirbhearta a cheanglaítear iad anois a bheith san áireamh i ráitis airgeadais na cuideachta.

Alt 10
Le hAlt 10 leasaítear Ailt 43[8] agus 44 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) (Uimh. 2) 1999.

Anois le hAlt 43, ceanglaítear go bhfuil duine amháin ar a laghad de stiúrthóirí de gach cuideachta atá cláraithe in Éirinn ina dhuine nó ina duine a bhfuil cónaí air nó uirthi i mBallstát den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch faoi réir díolúintí áirithe. (Roimh seo, ceanglaítear le hAlt 43 go raibh duine amháin ar a laghad de stiúrthóirí ina cónaí in Éirinn.)

Faoi réir Alt 44, díolmhaítear cuideachta ó Alt 43 má tá teastas ina sheilbh aici ó Chláraitheoir na gCuideachtaí lena luaitear go bhfuil nasc fíor agus leanúnach aici le gníomhaíocht eacnamaíoch atá ar bun sa Stát. Anois leagtar amach in Alt 44 a athbhreithníodh roinnt coinníollacha, agus beidh ceann ar bith acu i ndóthain chun an coinníoll seo a shásamh.

Alt 11
Is foráil chaighdeánach é Alt 11 lena n-ainmnítear an tAcht 2009 agus lena bhforáiltear go léifear é agus Achtanna na gCuideachtaí mar acht amháin.

Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach
31 Iúil 2009

---

[8] Arna leasú le hAlt 54 d'Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht) 2003.